Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 08

27 Deireadh Fómhair 2017

Turas Scoile

Tá na spásanna go léir curtha in áireamh don turas scoile go dtí an Iodáil anois. An féidir le gach tuismitheoir a bhfuil páiste leo ag dul ar an turas an r-phost leis an deimhniú íocaíochta agus cóip don phas a sheoladh chuig Aoife chomh luath agus is féidir. Má tá éinne ag iarraidh dul ar an liosta feithimh, téigh i dteagmháil le Aoife trí r-phost (Aoife@gccd.ie).

Punann Teanga

Tá na punanna isteach do dhaltaí sna ranganna Fraincise agus Spáinnis sa chéad bhliain. Tá costas €1 le tabhairt chuig Aoife nó Siobhán. Tá an phunann seo riachtanach don Teastas Sóisearach nua.

Bliain 1 2018-2019

Más spéis leat do pháiste a sheoladh chuig GCCD an bhliain seo chugainn, ná déanaigí dearmad na foirmeacha iontrála a bheith ar ais ag an scoil roimh 6 Samhain 2017.

Lúthchleasaíocht

Guímid gach rath le Tadhg ón séú bliain atá ag rith i gcraobh na hÉireann go luath.

Bogathon

Chuaigh Dean, Claire agus grúpa mór ón Idirbhliain chuig Bogathon i gContae Laoise Dé Máirt. Rith siad tríd an bportach agus bhain siad an-sult as an lá.

Gaeilge 24

Thug an dream ón Idirbhliain nach raibh ag Bogathon cuairt ar Ghaelscoil na Lochanna chun labhairt le Rang a Cúig agus a Sé faoin meánscoil. Tugadh cuireadh do Rang a Sé freastal ar "Gaeilge 24" in GCCD idir 16:10 agus 17:30 ar an Máirt 14 Samhain. Cuirfidh an Coiste den Ghaelbhratach cluichí agus píotsa ar fáil ar an lá. Beidh daltaí ó Rang a Sé in GSCD agus GSNR ann chomh maith.

Turas Tíreolaíochta

Chuaigh daltaí na séú bliana ón rang Tíreolaíochta go Cip Iúir Dé Luain. Rinne siad an obair allamuigh atá mar chuid den tionscnamh don Ardteist.

Comórtas Peile

Comhghairdeachas le foireann na mbuachaillí a ghlac páirt i mblitzchomórtas in Hawkfield Dé Céadaoin. Bhuaigh an fhoireann an dá chluiche gur imir siad.

Oíche Shamhna

Bhí daltaí na hIdirbhliana gnóthach ag maisiú roinnt cácaí i gcomhair Oíche Shamhna sa rang Eacnamaíocht Bhaile.

Puimcíní

Mhaisigh daltaí ó rang 4S puimcíní d'Oíche Shamhna le linn na seachtaine.

Oíche Shamhna

Baill den fhoireann gléasta mar zombaithe don lá deireanach.

Cruinniú Tuismitheoirí / Múinteoirí Bliain 5

Beidh Cruinniú Tuismitheoirí / Múinteoirí Bliain 5 ar siúl ar an Déardaoin, 8 Samhain, idir 16:15 – 18:45. Críochnóidh na ranganna 15 nóiméad luath ag 15:35. Má tá daltaí ag fanacht ar thuismitheoirí nó má tá páistí óga leis na tuismitheoirí, caithfidh siad fanacht sa halla spóirt leis na tuismitheoirí.

Dátaí Tábhachtacha

30 Deireadh Fómhair – 3 Samhain: Sos Meán-téarma.

6 Samhain: Spriocdháta do na foirmeacha iontrála Bliain 1 2018-2019.

7 Samhain: Cruinniú ag Comhairle na dTuismitheoirí.

9 Samhain: Cruinniú Tuismitheoirí / Múinteoirí Bliain 5.

16 Samhain: Bréagagallaimh don 6ú Bliain.

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: **"Chíonn beirt rud nach bhfeiceann duine amháin"**

Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 08

27 Deireadh Fómhair 2017

School Tour

All the places for the school tour to Italy have now been booked. Could all parents who have a child going on the trip please forward the payment confirmation email and a copy of their child's passport to Aoife as soon as possible. Anyone wishing to be placed on the waiting list, please contact Aoife through email (Aoife@gccd.ie).

Language Portfolio

The language portfolios are now available for students in the French and Spanish classes in first year. There is a cost of €1 to give to Aoife or Siobhán. This portfolio is mandatory for the new Junior Certificate.

First Year 2018-2019

If you're interested in sending your child to GCCD next year, don't forget the entrance forms for first year 2018-2019 are to be returned to the school before 6th November 2017.

Athletics

Best of luck to Tadhg from sixth year who is running in the All Ireland Championships soon.

Bogathon

Dean, Claire and a large group from Transition Year went to Bogathon in county Laoise on Tuesday. They ran through the bog and had a fantastic day.

Gaeilge 24

The group from Transition Year who didn't go to Bogathon visited Gaelscoil na Lochanna to speak to Fifth Class and Sixth Class about secondary school. Sixth class were invited to attend "Gaeilge 24" in GCCD between 16:10 and 17:30 on Tuesday the 14th November. The Gaelbhratach Committee will organise games and pizza for the day. Students from Sixth class in GSCD and GSNR will also be in attendance.

Geography Trip

Students from sixth year in Geography class went to Kippure on Monday. They were there to do fieldwork as part of their project for the Leaving Certificate.

Football Competition

Congratulations to the boys' football team who participated in a football blitz in Hawkfield on Wednesday. The team won the two games they played in.

Halloween

Transition Year students were busy decorating some cakes for Halloween on Tuesday in the Home Economics class.

Pumpkins

Students from class 4S decorated pumpkins for Halloween during the week.

Halloween

Members of staff dressed as zombies for the last day.



Fifth Year Parent / Teacher Meetings

The Fifth Year Parent / Teacher Meetings will take place on Thursday, 8th November, between 16:45 – 18:45. Classes will finish 15 minutes early at 15:35. If students are waiting with parents or if young children are attending with parents, they must stay in the sports hall with their parents.

Important Dates

30 October – 3 November: Mid-term break.

6 November: Deadline for the first year 2018-2019 entrance forms.

7 Samhain: Meeting of the Parents' Association.

9 November: Parent / Teacher meetings for 5th year.

16 November: 6th year mock interviews.

All up-to-date information available on www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: **"Two people see a thing that an individual does not see"**